Comórtas CEOL '10 Cóipeanna den dlúthdhiosca **CEOL 10** le buachaint istigh


# Goitse

4 Meitheamh 2010

Uimhir 2
€1.50


***'Beidh an Ghaeilge marbh mar ghnáth-theanga cumarsáide sa Ghaeltacht taobh istigh de cúig bliana déag muna dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí atá ag baint le húsáid na teangan sa Gaeltacht.'***



*Mic léinn ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair ag éisteacht le is an Dr Conchúr Ó Giollagáin, saineolaí socheolaíochta agus teangan*

## Géarchéim Gaeilge

Bhí an Dr Conchúr Ó Giollagáin, saineolaí ar chúrsaí socheolaíochta agus teangan le hAcadamh na hOllscoile i nGaillimh, ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair an tseachtain seo a chuaigh thart le labhairt le dáltaí ansin faoi impleachtaí tuarascála a d'fhoilsigh sé trí bliana ó shin.

Fuair sé cuireadh labhairt leis na dáltaí ón phríomhoide Noel Ó Gallchóir agus ní iontach dearfach an teachtaireacht a bhí le tabhairt aige.

De réir an Dochtúir Ó Giollagáin, beidh an Ghaeilge marbh mar ghnáth-theanga cumarsáide sa Ghaeltacht taobh istigh de cúig bliana déag muna dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí atá ag baint le húsáid na teangan sa Gaeltacht.

Sa tuarascáil, Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta (SCT) ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, léiríodh go raibh líon na ndaoine a bhí ag úsáid na Gaeilge ag titim go dtí leibhéal a mbeadh sí iontach deacair éirí aníos as.

Mhínigh na dáltaí dó gur na meáin chumarsáide is mó a ba chiontaí leis an titim ach nach sin an t-aon chúis agus gur Béarla is mó a labhraíodh eatarthu féin nuair a bhí scaifte acu le chéile.

Rinne siad gearán go raibh daoine ag teacht isteach sa cheantar gan Ghaeilge sa bhaile acu agus nach raibh go leor tacaíochta acu sa chórtas oideachais agus, mar sin de, go raibh brú ar achan duine Béarla a labhairt.

***Ar lean ar lch 3***

ISTIGH


*Grianghraif ón Chéad Chomaoineach* Lgh 12-13







*Focla Mhicí* Lch 11

*Béal Binn* Lch 6







FÓGRAÍ POBAIL Lch 15

*Blag na mBuataisí* Lch 14

**Spórt** Lgh 14-16



**11 – 13 Meitheamh 2010 Gort a' Choirce, Co. Dhún na nGall**

**Agus muid a 5 anois**

Déanann **Guth Gafa** ceiliúradh ar a **5ú breithlá** le tairiscinti fá choinne cuairteoirí s'againn

**5 scannáin fá choinne fíon-dhíograiseoirí**

**Ceannaigh ticéad fá choinne ceann de na scannaín seo chun gloinne fíona a fháil ón tír a bhaineann leis an scannán féin:**

**Adrian's Dream** • Sat 12ú 6.15in Halla an Pharóiste (fíon Gearmánach)
**Autumn Gold** • Sat 12ú 3.45in Cinemobile (fíon Ostarach)
**Horse Boy** • Sat 12ú 8.30in Óstán Loch Altan (fíon California)
**Stolen** • Sat 12ú 8.30in Cinemobile (fíon Astrálach)
**Sounds of Insects** • Dom 13ú 2.15in Cinemobile (fíon Eilvéiseach)

Na scannáin ar fad, ceol agus imeachtaí na leanaí ar **www.guthgafa.com**

**2 ticéid fá choinne scannán ar bith roimh 6in Aoine** (faoi réir fáil)

Glac an dearbhán seo chuig oifig na dticéid chun dhá ticéad saor a fháil ón 12in Aoine an 11ú lá ar aghaidh

**2 ticéid fá choinne scannán ar bith roimh 6in Dé Sathairn** (faoi réir fáil)

Glac an dearbhán seo chuig oifig na dticéid chun dhá ticéad saor a fháil ón 10rn Dé Sathairn an 12ú lá ar aghaidh




*Monarchan RAP ar an Scrábáin*

## *Imní faoi athruithe RAP*

**Bhí cruinniú ag na hoibreannaí i RAP, an mhonarcha ar Eastát Gnó an Scrábáin a dhéanann pacáistiú ar earraí éagsúla, le athruithe ar choinníolacha oibre a phlé.**

**Bhí an cruinniú in Ionad Phádraig, Dobhar, tráthnóna Dé Domhnaigh seo a chuaigh thart. Bhí níos mó ná 20 duine as an 76 duine atá fostaithe sa mhonarcha i láthair aige.**

**Tá na hoibreannaí buartha go mbeidh siad thíos go maith ó thaobh pá de má chuirtear na hathruithe úra seo i bhfeidhm.**

**Tuigtear do *Goitse* nach bhfuil sé soiléir caidé go díreach a bheas i gceist leis an scéim úr agus tá imní ar chuid acu sin atá ag obair sa mhonarcha go gcaillfidh siad suas le 18% den tuarastal.**

**De réir duine de na daoine a d'eagraigh an cruinniú, bhí an mothú ann go raibh an bhainistíocht ag ullmhú le gearradh siar ar phá agus leis na coinníolacha a bhaineann le sealanna oibre a athrú agus nach raibh comhairliúchán ceart déanta fá dtaobh de.**

**Níl formhór na n-oibreannaí ina mbaill de cheardchumann sa mhonarcha agus níl cearta ionadaíochta ag ceardchumann ar bith leis an bhainistíocht.**




# Aoibhinn beatha na scoláirí

*Tá grúpa mic léinn ag fágáil slán le campas Ghaoth Dobhair agus ag tabhairt aghaidh ar an Ghearmáin mar chuid dá gcúrsa BA i Riarachán Gnó*

Tá na mic léinn dhíograiseacha seo díreach i ndiaidh an dara bliain den BA i Riarachán Gnó a chríochnú go sásúil. Anois tá siad ag súil go mór leis an tríú bliain den chúrsa a chaitheamh ag staidéar in *Hochshule Bremen*, institiúid chomhpháirtíochta Erasmus de chuid LYIT, i dtuaisceart na Gearmáine.

Bhí an Gearmánach, Ulla Stumpf, ag teagasc Gearmáinise do na mic léinn in LYIT le gairid le hiad a ullmhú dá seal *in Deutschland!* Tá fonn mór orthu anois tairbhe a bhaint as an obair chrua agus sult a bhaint as maireachtáil agus staidéar i dtír choimhthíoch.

"Is deis iontach atá ann. Ní thig liom fanacht le mo chuid Gearmáinise a chleachtadh!" arsa Francesca Leonardi.

Labhair Annette Ní Chearbhaill ar na buntáistí a bhaineann leis an chlár Erasmus do dhaoine a bheas ag cuartú post san am atá le teacht.

"Níl dabht ar bith ach go bhfoghlaimeoidh muid a lán agus muid in Bremen. Cuirfidh sé go mór lenár CVanna."

Tá dúil sa taisteal ag Pádraig Ó Maolagáin le fada an lá:

"Tá seanfhocal sa Ghaeilge: 'Bíonn siúlach scéalach'. Beidh sé iontach spéisiúil comparáid a dhéanamh idir an saol in Bremen agus an saol i nGaoth Dobhair."

Thug Graceann Nic Giolla Chomhaill agus Séamus Ó Dubhcháin le fios go raibh na mic léinn leathbhealach fríd an chúrsa céime anois agus go bhfuil an chuid is fearr fós le teacht:

"Tá muid iontach sásta gur shocraigh muid an cúrsa seo a dhéanamh. Tá an oiread sin foghlamtha againn le dhá bhliain anuas. Tá muid leathbhealach fríd anois agus beidh neart deiseanna againn sa bhaile agus thar lear nuair a bhainfidh muid an chéim amach sa bhliain 2012."

Is cúrsa nuálach é an BA i Riarachán Gnó agus tá sé á reáchtáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉ, Gaillimh) i gcomhar le LYIT. Is féidir le mic léinn rogha a dhéanamh i dtaca le Bliain 3; staidéar thar lear nó taithí oibre luachmhar a fháil sa bhaile. Cuirfidh grúpa úr mac léinn tús le Bliain 1 i Meán Fómhair.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin chúrsa, déan teagmháil leis an Acadamh ar 074 95 31919.




***Bremen bitte!*** *(Ó chlé:) Annette Ní Chearbhaill, Graceann Nic Giolla Comhaill, Pádraig Ó Maolagáin, Francesca Leonardi agus Séamus Ó Dubhcháin.*



***Feachtas seolta!*** *Robbie O'Donnell, Anagaire, Shaun Rogers, Loch an Iúir, Anne Marie Boyle, Mullach Dubh agus Seán Mac Ruairí, Rann na Feirsde ag seoladh feachtais toghchánaíochta Mhéara na Rosann Íochtarach i Siopa Chroichshlí ar na mallaibh. Cuirfidh iomaitheoir Rann na Feirsde, Seán Mac Ruairí, tús lena fheachtas le hoíche mhór i dTábhairne Leo ar an 29 Bealtaine.*

## *Dianiomaíocht i dtoghchán na Méarachta*

Tá an feachtas toghchánaíochta do Mhéara na Rosann Íochtarach faoi lán tseol i ndiaidh an láinseáil i Siopa Croichshlí ar na mallaibh.

Is iad Seán Mac Ruairí as Rann na Feirste, Anne Marie Boyle ón Mhullach Dubh, Shaun Rogers as Loch an Iúir agus Robbie O'Donnell as Anagaire na hiomaitheoirí agus iarrtar ar mhuintir na Rosann tacaíocht a thabhairt do na hiomaitheoirí uilig.

Rachaidh an t-airgead a bhailítear le linn an fheachtais chun sochair CLG Naomh Muire ar an Chlochán Liath.

Tá na hiomaitheoirí uilig ag déanamh go maith go dtí seo agus tá sé ag éirí teann idir cúpla duine acu.

Le goirid, tháinig Mary Aggie, réalt an chláir Rónán Beo @ 3 ar Raidió na Gaeltachta amach le tacaíocht a thabhairt do Sheán Mac Ruairí as Rann na Feirste. Cé eile a gheobhadh tacaíocht na mná uaisle?



# Géarchéim Gaeilge

*Ar lean ó lch 1*

Níos moille an tráthnóna céanna, labhair an Dr Mac Giollagáin ar chlár Rónán Beo @ 3 ar Raidió na Gaeltachta agus léirigh sé rudaí gur féidir a chuideódh leis an teanga a thabhairt amach as an abar ina bhfuil sí.

Dhírigh sé go díreach ar chúrsaí oideachais.

An chéad rud a mhol sé ná go mbeadh sruth Gaeilge amháin do pháistí cainteoirí dúchais Gaeilge sna naíonraí agus sruth eile do pháistí eile a bhí ag foghlaim na Gaeilge agus go gcoinneófaí an dá dhream scartha óna chéile.



*An Dr Conchúr Mac Giollagáin: Moltaí oideachais do na naíonraí agus na bunscoltacha*

I ndiaidh tréimhse tumoideachais, nuair a bhí a ndóthain Gaeilge ag na páistí sin, d'fhéadfaí iad a mheascadh.

De réir Uí Ghiollagáin, sin an cleachtadh i dtíortha eile agus gur sin an treo inar chóir dúinne gabháil sa tír seo fosta.

Bhí moltaí aige do na bunscoltacha fosta, bunaithe arís ar an chleachtas is fearr i dtíortha eile.

Mhol sé go mbeadh páistí ar bith nach raibh a ndóthain Gaeilge acu curtha fríd chúrsa tumoideachais ar feadh bliana nuair a thoisigh siad ar scoil Gaeltachta agus ansin, thiocfadh leo gabháil isteach sa ghnáth-rang nuair a bhí go leor Gaeilge acu.

Mhínigh sé fosta go raibh gá le Bord oideachais don Ghaeltacht, mar go raibh an curaclam dírithe ar dhaoine a bhí ag foghlaim na teangan, ní ar chainteoirí dúchais.




***Maoinigh ár nOspidéil:** Cuid den tslua a bhí i mbun léirsithe faoi thodhchaí Otharlann Leifir.*

# *Todhchaí Otharlann Leifir ag déanamh tinnis don pobal*

Tá argóint pholaitiúil ar siúl faoi thodhchaí Otharlann Pobail Leifir i ndiaidh muid agóid mhór a fheiceáil sa bhaile sin ar 23 Bealtaine.

Meastar go raibh cúpla míle duine ar shráideanna Leifir ag éileamh gealltanais ón rialtas nach ndruidfí an otharlann.

An tseachtain seo a chuaigh thart, labhair an Seanadóir Brian Ó Domhnaill ar an cheist ag rá go raibh rún ag an Aire Sláinte Mary Harney smaoineamh ar mholtaí otharlann úr a thógáil i Leifear faoi scéim Páirtnéireacht Príobháideach Poiblí (PPP). Ach dúirt Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, urlabhraí leis an ghrúpa poblachtach sóisialach Éirigí, a bhí páirteach san agóid, nach raibh áit ar bith sa tseirbhís sláinte don infheistíocht phríobháideach mar mhaithe le praiféid nuair a bhí airgead an rialtais ag dul i dtreo na bainc a shábháil.



***Garraí Úr:** Rannpháirthe ag obair ar an Gáirdín Pobail Ionad Naomh Pádraig i nDobhar. Tá an cúrsa seo páirt-maonaithe ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall*




# *Féasta Ceoil Mheiriceá Laidineach i nDobhar*

Beidh oíche the shamhraidh den stíl Mheiriceá Laidineach ar siúl i Halla Naomh Pádraig, Dobhar, Dé Sathairn 12 Meitheamh.

Beidh na Cuban Orishas ó Chúba ag bualadh rithimí Salsa, agus beidh ceoltóirí áitiúla ag glacadh páirte fosta, agus dioscó Laidineach ar ball. Cuir aithne ar Phobal Laidineach Dhún na nGall agus ar dhaoine ó chultúir éagsúla, déan comhrá, abair amhrán agus bí ag damhsa an oíche ar fad, agus bia blasta Laidineach ar fáil chomh maith.

Tá an ócáid seo saor in aisce. Doirse ar oscailt ar 20.30. Cead isteach le ticéid amháin (ach tá na ticéid saor in aisce).



# Eagarfhocal

Seo agaibh an dara eagrán de Goitse agus, mar a tchidh tú tá sé níos mó ná an chéad cheann agus, ar an drochuair, níos daoire.

Bhí comhrá againn le daoine a raibh eolas acu ar chúrsaí gnó agus chinntigh siadsan dúinn nach dtiocfadh linn coinneáil ag gabháil ag an phraghas céanna ar feadh i bhfad. Mar sin de, bhí againn leis an praghas a ardú.

Le sin a chur i gcomhthéacs, áfach, tá 16 leathanach lándaite againn agus chumhdaigh muid i bhfad níos mó imeachtaí. Ach, arís, tá muid ag brath oraibhse, na léitheoirí, agus oraibhse atá amuigh ag obair sa phobal na scéalta agus na pictiúirí a thabhairt duinn.

Agus tá muid iontach buíoch do na comhlachtaí a thug fógraí dúinn, na grúpaí a thug scéalta dúinn agus na daoine a bhí thar a bheith fial lena gcuid grianghraf.

Tharla rud iontach i ndiaidh láinseáil an pháipéir. Chomh maith leis an chomhghairdeachas, tháinig daoine chugainn ag iarraidh píosaí a scríobh dúinn agus cuidiú le reachtáil an pháipéir seo.

Chuir sé lúcháir orainn agus tá muid buíoch daoibh uilig.

Tá cúpla eagraíocht sa cheantar seo fosta a chuaigh amach as a gcasán le cuidiú linn.

Tá a fhios acu féin cé iad féin agus ní dhéarfaidh muid níos mó faoi.

## Géarchéim Gaeilge

Nuair a d'fhoilsigh muid an chéad eagrán, bhí muid ag súil go mbeimis ag soláthar seirbhíse do dhaoine atá ag iarraidh oiread dá saol agus is féidir a chaitheamh fríd an Ghaeilge. Deir na saineolaithe linn go bhfuil sé iontach tábhachtach go mbeifeá i ndán gach gné de do shaol a chomhlíonadh i do theanga féin.

Is léir ón méid ata le rá nach mar sin atá an scéal leis an Ghaeilge agus tá sé scanrúil agus scannalach nach bhfuil seirbhísí ar nós naíonraí Gaeilge ar fáil i nGaeilge amháin do mhuintir na Gaeltachta ata ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge amháin.

Go dtí go bhfuil na húdaráisí sásta díriú ar an cheist seo, níl amhras ar bith ann nach i laige a rachaidh an teanga sa Ghaeltacht as seo amach.

*goitsenuacht@gmail.com*






**Daltaí sona!** *Naíonáin bheaga ó Scoil Mhín na Manrach*

## *Lá Oscailte do thuismitheoirí agus a bpáistí ag Scoil Mhín na Manrach*

Tá Scoil Mhín na Manrach le Lá Oscailte bheith acu sa scoil Dé hAoine 11 Meitheamh idir 11rn agus 1in. Iarratar ar thuismitheoirí bualadh isteach lena bpáiste agus tamall a chaitheamh le foireann na scoile.

Beidh taispeántas nádúir ann le Colm Grant, chomh maith le ceol agus amhránaíocht le Gearóidín Breathnach agus gleacaíocht le Louise Gillespie.

Is scoil bheag í Mín na Manrach atá suite idir Loch an Iúir agus Mín an Chorrbhuic sna cnoic in aice le Torr agus cuireadh leis an fhoirgneamh sa bhliain 2008.

De thairbhe lúide na scoile tá teagasc chóir a bheith duine le duine le fáil ag na dáltaí agus is i nGaeilge uilig a dhéantar an teagasc sin. Tá múinteoir tacaíochta Gaeilge ar fáil, chomh maith le múinteoir oideachais speisialta. Fuair an scoil ríomhairí úra ar na mallaibh fosta.

## COMÓRTAS




***Tá 5 chóip den dlúthdhiosca Ceol 10 Súil Siar le bronnadh ag Goitse ar ár léitheoirí ádhúla!***

*Níl le déanamh ach d'ainm agus seoladh a chur chuig:*

***goitsenuacht@gmail.com***

*le go n-árófaí sa chomórtas tú!*



**Barróg mhór!** *Baill d'Ógras An Dúin ag léiriú a mbuíochas dá gceannaire, Aingeal Nic an tSábhaisigh ag Tráth na gCeist Ógras a bhí ar bun sa Chrannóg le linn dóibh cuairt a thabhairt ar an cheantair ar na mallaibh.*

# Tógálaithe curach Mhachaire Rabhartaigh ag tacú le Fondúireacht Mhary Boyle

*Fondúireacht úr seolta i gcuimhne ar chailín a chuaigh ar iarraidh 33 bliain ó shin.*

**Eoin Mac Garvey**

Ar an 18 Márta 1977 d'athraigh saol Ann Boyle as an Cheidiú i dTír Chonaill go deo le linn don teaghlach bheith ar saoire ag tuismitheoirí s'aici i gceantar Bhéal Átha Seanaidh.

Ba ar an lá sin tríocha trí bliain ó shin a chaill sí a iníon óg – duine de cúpla – a bhí aici fhéin agus a fear céile Charlie. Bhí Mary Boyle go díreach seacht mbliana nuair a d'imigh sí gan tásc ná tuairisc i gceantar Chaiseal Ard taobh amuigh de Bhéal Átha Seanaidh. Lean sí uncail dá cuid fríd an phortach agus ní fhacthas ina dhiaidh sin í nuair a thiontaigh sé thart le filleadh ar an baile.

Ón lá sin ar aghaidh músclaíonn Ann Boyle gach maidin agus í ag dréim go mbeadh scéal fá caidé a tharla dá iníon. Triúr a bhí sa teaghlach, an cúpla – Mary agus Anne agus mac, Pádraig.

Cúig bliana ó shin bhuail an dara tragóid an teaghlach nuair a bádh a fear céile Charlie le linn dó bheith ag iascaireacht leis fhéin amach ó chósta Chionn Caslach. Ba an mian a bhí ag Charlie go mbeadh eolas faighte aige fá caidé a tharla do Mhary roimh lá a bhás, rud nár tharla. Tá an mian céanna ag Ann anois.

Ag deireadh na seachtaine cuireadh fondúireacht ar bun



**Seoladh fondúireachta:** *Ann Boyle, as an Chéidiú, ag seasamh taobh le curach ag ócáid seolta Fhondúireacht Mary Boyle i Machaire Rabhartaigh ar na mallaibh.* Grianghraf: Eoin Mac Garvey



**Gan tásc, gan tuairisc:** *Ann Boyle, a chuaigh ar iarraidh le linn di a bheith ar saoire i ndeisceart an chontae 33 bliain ó shin.* Grianghraf: Eoin Mac Garvey

in ómós do Mhary agus le cuidiú le teaghlaigh eile sa tír a bhfuil daoine ar iarraidh orthu. Tá Mary ar an duine is faide atá ar iarraidh sa tír agus deir na Gardaí go bhfuil cás Mhary foscailte go fóill.

Bhí rang tógáil bhadaí curach ar bun i Machaire Rabhartaigh le roinnt míonna agus shocair na rannpháirtithe airgead a bhailiú le fondúireacht Mhary Boyle a chur ar bun. Ba é Owenie Ó Duibhir as Gort an Choirce a bhí taobh thiar den tógra agus bhí gach duine sásta airgead a bhailiú nuair a chuir sé a phlean os a gcomhair. Ba i ndiaidh dó a bheith ag labhairt le Ann Boyle a rinne sé an cinneadh.

Bhí Ann Boyle i láthair i Machaire Rabhartaigh nuair a rinneadh na badaí curach a choisreacadh agus a chur san uisce mar pháirt de sheoladh an fhondúireacht. Thug sí moladh mór do na daoine uilig a bhí páirteach agus do Owenie Ó Duibhir as tús a chur leis.

Bhí deora ina súile agus í ag cuimhniú ar a iníon agus a fear céile a sciobadh ar shiúl.

"Níl lá a théann thart nach mbím ag smaoineodh ar Mhary agus ar Charlie. Tá sé thar tríocha bliain ó chaill mé mo iníon agus chaill me mo fhear céile cúig bhliain ó shin agus cronaím go mór iad gach lá," a dúirt sí le *Goitse*.

Tá Ann i gcónaí ag iarraidh ar dhuine ar bith a bhfuil eolas acu fá caidé a tharla do Mhary teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.




## Cabaret Craiceailte Thoraí

**Beidh an Cabaret Craiceáilte ag taisteal go Toraigh ar an Satharn 5 Meitheamh. I measc aíonna a bheas ar stáitse beidh Pól Mac Ruairí, Patsy Dan Mac Ruairí, Ciarán Ó Maonaigh,Clann Uí Chuillinn, Bríd Ní hIcí, Liam Mac Giolla Bhrighde, Niall Hackett, Máire Ní Choilm, Willy Ó Dúgáin, Pádraig Ó Dúgáin, agus, scaifte fianta mire as an oileán agus Tír Mór!**



*Beidh Ciarán Ó Maonaigh ag buaileadh ag Cabaret Thoraí*

# Binneas béil dhaltaí Loch an Iúir

*Eoin Mac Garvey*

Ghlac mór chuid na scoláirí i Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir páirt i gcomórtas An Béal Binn a reáchtáladh sa scoil ar na mallaibh.

Cuireadh tús leis an gcomórtas anuraidh le linn don scoil bheith ag ceiliúradh ochtó bliain ó osclaíodh é agus rinne coiste na tuismitheoirí cinneadh Dobhair fostaithe mar chúntóir teanga sa scoil anois agus tá an-obair déanta aici leis na paistí mar a léiríodh ag ceolchoirm na bliana seo. Tá roinnt de na paistí ag freastal ar ranganna le Bríd Anna Ní Bhaoill i Rann na Feirste, bean a bhfuil go leor gradaim bainte aici féin don fhilíocht agus scéalaíocht.

B'í Michelle Nic Phaidin as an Ghlasaigh i nGaoth Dobhair a bhí mar mholtóir, duine a bhfuil taithí an-mhaith aici ar cúrsaí filíochta agus ceoil os rud é go nglacann sí fhéin páirt in go leor comórtais, Oireachtas na Gaeilge ina measc.

Mar a bhí anuraidh, ba é Corn Cuimhneacháin Erin Logue a bhí mar phríomhdhuais, corn a chur teaghlach Erin, iar scoláire a fuair bás arú anuraidh, ar fáil agus i mbliana b'í Áine Nic Gairbheith, seacht mbliana, as rang a h-aon, col ceathrar d'Erin a bhain príomhdhuais an chomórtais agus an corn leis an dán 'Mo Bhábóg'.

**Tuilleadh grianghraif le feiceáil ag www.emgphotos.com**



Mark Ó Curráin (2ú áit), Séamus Mac Grianna (1ú áit) agus Tess Nic Pháidín (3ú áit), buaiteoirí rang na naonáin ag an Béal Binn i Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir.



Ciara Nic Grianna ar stáitse ag seó Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir.



Kevin Mc Shea ar stáitse ag ceolchoirm Scoil Eoin Pól



Áine Nic Gairbheith, seacht mbliana d'aois, príomhbhuaiteoir chomórtas an Beal Binn le Corn Cuimhneacháin Erin Logue ag Scoil Eoin Pól.



Eugene O'Beirne, buaiteoir rang a 5 ag Beal Binn Scoil Loch an Iúir, i gcuideachta Shannon Ní Churráin (3ú) agus Jordan Ó Dúgáin (2ú).



Marie Nic Gairbheith, agus Theresa Nic Grianna, Coiste na Tuismitheoirí, le buaiteoirí Rang a 6, Aoife Nic Gairbheith, buaiteoir, Selina Ní Churráin (3ú áit), Dónall Mac Grianna (2ú áit)



Conor Mac Gairbheith, buaiteoir, rang a 4, le Katelyn McGarvey (3ú), Amy Caffrey (2ú), agus Peg Nic Suibhne, Cúntóir Teanga.



Sinéad Nic Ruairí, a bhain duais sa chomórtas amhránaíochta



Eugene Greene ag ceol ag ceolchoirm Loch an Iúir




Buaiteoirí Rang a 1 Alfie Mac Grianna (3ú), Áine Nic Gairbheith (1ú) agus Emma Ní Mhórdha (2ú) i gcuideachta Michelle Nic Phaidin, moltóir.



Eilís Ní Dhúgáin (2u), Maura Nic Eamharcaigh (1ú) agus Kayleigh Nic Daibhid (3ú), naonáin mhóra

(Thíos:) Breid Marie Byrne agus Bernadette Nic Suibhne ag baint sult as Coirmcheol Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir.








(Ó chlé:) Jamie Mac Pháidín; Joseph Mac Grianna; Daithí Mac Roibeáird, Múinteoir; Mairéad Nic Suibhne, Príomhoide Scoil Eoin Pól, Loch an Iúir ag bronnadh an chéad duais i rang a 2 ar Mhéabh Ní Icí.

# Oíche mhór cheoil in éadan Píolóin

Bhí oíche iontach ceoil i dtoigh Leo an mhí seo a chuaigh thart le tacaíocht a thabhairt don ghrúpa timpeallachta Donegal Alternative to Pylons. Tá an grúpa in éadan pleananna atá ag an ESB agus Eirgrid líne cumhachta 110kv a chrochadh ar phíolóin fríd chuid de na radharca is deise san taobh seo tíre.

Chomh maith le ceoltóirí as an cheantar, bhí Paul Brady, Mundy agus Glen Hansard as an ghrúpa The Frames ar an ardán. Choinnigh siad ceol leis an scaifte mór a bhí i láthair go dtí go mall san oíche agus, nuair a bhí deireadh leis an choirm oifigiúil ceoil, bhí na réalta ag bualadh leo i measc mhuintir na háite.

Ach ní sin deireadh leis na himeachtaí ag an ghrúpa.

Bhí oíche eile le bheith acu i dtoigh Leo Déardaoin 3 Meitheamh.

I measc na gceoltóirí a bhí le bheith i láthair ag an ócáid sin, bhí Brian Kennedy, The Celtic Tenors agus Frances Black.

Bhí Moya Brennan leis an oíche a chur i láthair.



*Paul Brady, Mairéad Ní Mhaonaigh, Moya Brennan, Mundy agus Glen Hansard ag ceol i dTábhairne Leo, Min na Leice, ag coirmcheol tacaíochta Alternative to Pylons.* GRIANGHRAF: EOIN MC GARVEY





*Cuid den lucht éisteachta ag baint suilt as an oíche ceoil a reáchtáil an ghrúpa timpeallachta Alternative to Pylons i dTábhairne Leo ar na mallaibh.* GRIANGHRAF: EOIN MC GARVEY

# Guth Gafa Ghort an Choirce

Bíonn Gort a' Choirce, thar trí lá ón 11-13 Meitheamh, ina mecca scannánaíochta do léar mór de lucht leanúna scannán ó Éirinn is thar sáile. Is í fís na féile seo ná scannáin den chéad scoth, a bhfuil go leor gradam buaite acu, a thabhairt go dtí an ceantar seo ar imeall na hEorpa chomh maith le lucht a ndéanta. Thar an deireadh seachtaine roinneann daoine ar spéis leo scannáin, cuairteoirí idirnáisiúnta, turasóirí agus muintir na háite eispéireas faoi leith agus tionóil so-aitheanta – is furasta do gach duine aithne a chur ar a chéile, nascanna a dhéanamh, agus a bheith i mbun plé is díospóireachta. Le 'féach na scannáin uilig, cas ar na stiúrthóirí uilig' mar mhana aige, tá Guth Gafa i ndiaidh áit ar leith a bhaint amach i measc fhéilte scannán an domhain.

Geallann féile na bliana seo clár saibhir ilghnéitheach de 30 fad- agus gearrscannán faisnéise as Éirinn agus as tíortha eile. Baineann Guth Gafa le hÉirinn agus an domhan; cearta daonna; dlúthscéalta streachailte; scannáin eipice faoi scrios na timpeallachta ag corporáidí móra; portráidí aoibhinne de dhaoine as an ghnáth. Idir an t-ábhar tionscantach, an meascán de scannánóirí rí-éagsúla agus an díospóireacht as cuimse, tagann féiniúlacht Guth Gafa chun cinn – ár Scannáin ar an Imeall!



***Ó Pheann an Phiarsaigh:*** *Scannán dátheangach a taispeánfar ag Féile Ghuth Gafa*

I measc na scannán i Gaeilge i mbliana, tá *Ó Pheann an Phiarsaigh* le Alan Gilsenan, a craoladh ar TG4 le goirid.

Mar a bhíonn i gcónaí, tá níos mó i gceist le Guth Gafa ná féile scannán. Is féidir lenár gcuid cuairteoirí agus aíonna taitneamh a bhaint as cócaireacht den scoth ag Caifé na Féile agus pionta a bheith agat i gceann de na tithe tábhairne áitiúla mar a mblaisfidh tú fáilte iomráiteach na Gaeltachta agus an ceol traidisiúnta. Níos moille, lastar na hoícheantaí le ceol beo den chéad scoth go trátha beaga na maidne i gClub na Féile. Sárdheireadh seachtaine a bhíonn ann do chách!

Féach suíomh gréasáin na féile ag www.guthgafa.com le haghaidh sonraí uile an chláir, imeachtaí speisialta tionscail, taispeántais theaghlaigh, pacáistí deireadh seachtaine agus áirithintí.

Ceolta Uladh

Scoth an cheoil ar lipéad Gael Linn

Ar fáil i siopaí ceoil agus ar-line www.gael-linn.ie

Gael Linn, 35 Sráid an Dama, BÁC 2




Gael Linn




## Gradaım Chumarsáıde bronnta ar Rónán agus a fhoıreann

*Eimear Ní Fhearraigh, Dónall Mac Ruairí agus Rónán Mac Aodha Bhuí ó fhoireann Rónán Beo @ 3 ar RTÉ Raidió na Gaeltachta le Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais. Bhuaigh an clár, Rónan Beo @ 3 Sraith Raidió na Bliana agus bhuaigh Rónán é féin Pearsa Raidió na Bliana.* Grianghraf: Shane O'Neill, Fennell Photography

# Súıl aduaıdh TG4

### Comórtas Peile na Gaeltachta Beo

*Dé Luain 7 Meitheamh 1.45pm*

Craoladh beo ar chluichí sinsir agus sóisir Chomórtas Peile na Gaeltachta 2010 i mBéal an Mhuirthead. Beidh 18 club ó gach Gaeltacht ar fud na tíre ag glacadh páirte sa Chomórtas. Á chur i láthair ag Micheál Ó Domhnaill agus tráchtaireacht le Brian Tyers agus le Mac Dara Mac Donncha.



***Comhrá:*** *Anna Uí Ghallchóir as Árainn Mhór*

### Comhrá: Anna Uí Ghallchóir

*Dé Mairt 8 Meitheamh 12pm*

Is í Anna Uí Ghallchóir as Árainn Mhór i dTír Chonaill a bheas i mbun comhrá le Máirtín Tom Sheáinín ar chlár an lae inniu. Labhraíonn Anna ar shaol an oileáin agus ar an athrú saoil ar an oileán le blianta beaga anuas.

### I bhFócas: Seán Ó Donnghaile


*Dé hAoine 11 Meitheamh 12.30pm*

Taispeánann an grianghrafadóir Seán Ó Donnghaile do réalta mór le rá an dóigh le grianghraif a ghlacadh. Cuireann sé oiliúint orthu an dóigh le grianghraif ar leith a bheir léiriú ar a saol féin, a ghlacadh. Beidh an t-aisteoir mór le rá as Dún na nGall Frankie Mac Cafferty le feiceáil ar chlár an lae inniu.

### Shabby Go Chic

*Dé hAoine 11 Meitheamh 5.30pm*

Clár faoi dhíograiseoirí dearaidh intí á chur i láthair ag Aoife Nic Fhearghusa agus an saineolaí dearaidh intí Karl Fradgley. Tugann siad cuairt ar Chontae Dhún na nGall an tseachtain seo. Tugtar 24 uair a chloig do bheirt iomaitheoirí cuma fhaiseanta a chur ar shean-phíosa troscán do sheomra i dteach aoi speisialta.



***Ar mhí na meala:*** *Máire agus Conal Ó Gallchóir, Rann na Feirste, ag cuimhniú siar ar mhí na Meala*

### Aileach – Ar Stáitse

*Dé Domhnaigh 20 Meitheamh 10pm*

Ó The Embankment i 1977 agus ó chroí lár Inis Eoghain, seo agaibh an grúpa Aileach.

### Mí na Meala

*Déardaoin 24 Meitheamh 7.30pm*

Bhí Máire agus Conal Ó Gallchóir as Rann na Feirste ina gcónaí i nGlaschú sular phós siad agus phill siad ar ais ann ar mhí na meala. Tháinig a gcairde as Glaschú go dtí a mbaile dúchais Rann na Feirste le haghaidh na bainse.

I ndiaidh na mblianta, pilleann siad ar Celtic Park an áit a raibh cónaí orthu agus téann siad chuig an áit ina bhfuil a n-iníon .curtha.

# An raıbh tú ag an Chabaret?

Grianghraif: Áine Ní Churráin



*An Henrietta Game ag casadh ag an Chabaret Chraiceáilte i dTigh Hiúdaí Bhig*




*Maelíosa Nic Giolla Bhríde agus Guillaume Beauron ag baint suilt as an Chabaret*



*Sharon Nic Pháidín agus Brídín Ní Mhaoldomhnaigh ag baint suilt as an Chabaret*



*Róise Nic Gairbheith agus a hathair Cormac ag an Chabaret.*





Ionad Maısıúcháın Tí Ghaoth Dobhaır
AN BUN BEAG Teil: 074 9532545 • 087 6808942
DANNY DOOGAN Tta
CONRAITHEOIR PÉINTEÁLA - MEASTACHÁIN IN AISCE

# Segovia

*Gearrscéal le Brighid Uí Mhonacháin*

Tá daoine ann a bhfuil fuath acu ar an Luan. Bhí Rónán Ó Móra ar dhuine acu. Cléireach óg sa státseirbhís a bhí ann. Agus b'fhada leis i gcónaí go dtigeadh am scoir tráthnóna Dé hAoine. Dar leis nach bhfuil obair ar bith comh maslach ag duine le bheith ag ligean air go bhfuil sé ag obair. Ach níor mhaidin Luain mar gach maidin a bhí ann an lá a d'oscail sé an páipéar agus a chonaic sé go raibh Segovia ag teacht le ceadal a thabhairt i Halla Uladh. Agus ní bheadh ann ach an t-aon cheadal amháin. Tháinig Rónán gan lón an lá sin agus chuaigh amach ón oifig le focal a chur ar dhá shuíochán, ceann dó féin agus ceann d' Isibéal. Scar sé fá chroí mhór mhaith le £40. Chuir sé an guthán ar Isibéal an chéad fhaill a fuair sé.




"Bhail 'Isibéal! Coinnigh oíche an deichiú lá saor. Ná bí ag dul 'na' bhaile an deireadh seachtaine sin. Beidh Segovia ag teacht go Béal Feirste."

"Segovia ?"

"Arú, 'Isebéal! Tá a fhios agat Andrés Segovia."

Bhí tost beag ann.

"Cén club a bhfuil seisean ag imirt daofa?"

"Is fear iomráiteach giotáir é. Tá cáil ar fud an domhain air — *maestro* ar an ghiotár chlasaiceach. Ní raibh sé anseo ariamh roimhe agus ní bheidh arís nó tá sé thar sheachtó bliain d'aois. Geallaim duit go mbainfidh tú sult as."

D'fhéad sé a fhios a bheith aige nár chuala sí iomrá ar Segovia ariamh. An sórt cailín a bhí intí, rachadh sí chuig scannan trí oíche sa tseachtain agus chuig damhsa na ceithre oíche eile. Ní sin le rá nach raibh suim i gceol aici, ach abraimis nach raibh sí crochta as. Ní hé ach oiread nach rachadh sí chuig corrchoirm cheoil leis. Rachadh agus chuaigh roinnt uaireanna ó chuir sé aithne uirthi sé mhí roimhe sin. Bhí sé ag iarraidh í a mhealladh le dúil a chur sa cheol nó rud maith a bhí ann ag péire, dar leis, caitheamh aimsire a bheith acu i gcoitinne.

Tráthnóna an lae mhóir fuair sé scairt ghutháin ó Isibéal. Bhí sí buartha. Ní bheadh sí ábalta ghabháil. Thit croí Rónáin mar a thitfeadh an ruaim leis an fhabhair. Bhí uirthi ghabháil chuig Garrán na Fearnóige agus cása luchógaí a chur ar an eitilt go Manchuin. (Bhí post ard aice i saotharlann na hOllscoile) Bhí sí buartha. Ach ní raibh neart air. Ní raibh dul as. Sin mar a bhí. Bhuailfeadh sí leis ag an Café Roma i ndeireadh na hoíche.

"Agus caidé tá mé in ainm a dhéanamh leis an dá thicéad seo?" ar seisean.

"Gabh síos chuig an halla go luath agus díol iad," ar sise go ceannasach "Beidh ráchairt orthu."

"Agus caidé fá Segovia?"

"Bhuel, díol ceann amháin acu, mar sin de."

"Agus mé suí ansin i mo bhaileabhair? Rud eile, cé tá ag dul a cheannacht ticéad amháin ar scor ar bith?"

"Ná céadtaí! Nach bhfuil cliú agus cáil ar an Uasal Cibé Ainm Atá air?"

Bhail! Ba sin an buille a mharaigh an mhuc.

"Slán, tífidh mé thú," arsa Isibéal go haerach.

"Míorúilt a bheas ann má tí tú mé nó ní bheidh mise ag an Chafé Roma. Abair leis na luchógaí go raibh mé ag cur a dtuairisce. Slán, 'Isibéal."

Bhain sé Halla Uladh amach fá dhuairceas croí le go ndíoladh sé na ticéid a bhí ina phóca brollaigh le coicís. Bhí scaifte cruinn fá oifig na dticéad. Bhí gleo agus mianán san fhardoras agus daoine ag iomaíocht le chéile ag iarraidh ticéid a cheannacht. Chuaigh brúdán agus gleo na háite i bhfeidhm ar Rónán. D'éirigh sé tógtha san intinn i dtobainne. Ní raibh sé idir dhá chomhairle níos mó. Chuir sé a lámh in airde ag taispeáint go raibh aon ticéad amháin ar díol aige. Níor luaithe sin déanta ná tháinig cailín de rúchladh ionsair lena cheannacht agus d'imigh sí uaidh mar a bheadh saighead ann isteach sa halla.

Bhain sé a shuíochán amach. Ní raibh de sholas sa halla ach solas an stáitse. Mhothaigh Rónán néal aoibhnis nuair a nocht an *maestro*. Chuaigh deann fríd a raibh sa halla nuair a chuala siad chéad chordaí Segovia. Sheinn sé ar feadh dhá uair an chloig. Dhá uair an chloig d'aoibhneas gan mhilleadh, dar le Rónán. Nuair a d'fhág an slua an halla ní raibh smid astu nó bhí siad sa ghlóir. Shílfeá gur ag iarraidh na nótaí deiridh ceoil a chaomhnú agus a athbhlaiseadh a bhí siad. Bhí Rónán é féin ag siúl leis agus an ceol ag déanamh meadhráin dó. Bhí sé ag barr na sráide nuair a mhothaigh sé go raibh an cailín óg taobh leis. Bhí siad ag gabháil sa treo chéanna le breith ar an bhus dheireanach.

Labhair sí. Díoladh gach ticéad taobh istigh de dhá lá ó fógraíodh teacht Segovia agus bhí sí féin mall ar an mhargadh.

"Agus mar bharr ar an donas hiarradh orm ragobair a dhéanamh anocht. Ach ab é go raibh an cailín atá os mo chionn sásta m'ionad a dhéanamh chaillfinn an t-eispéireas is mó i mo shaol."

Dúirt Rónán gur cheannaigh sé dhá thicéad ach gur chlis a ghirseach air.

"Lig domh cupa caife a cheannacht duit" ars an cailín "nó ba lách an mhaise duit gan breis airgid a iarraidh ar an ticéad."

Dúirt sí leis dá mbeadh sé san fhaopach a choíche arís go rachadh sí leis ach í a bheith saor. Scríobh sí a hainm agus a huimhir ar a *serviette* agus thug dó é.

"Ná déan dearmad," ar sise "nó tá dúil bhocht sa cheol agam."

Nuair a d'amharc sé ar an nóta d'aithin sé uimhir ghutháin Isibéil i saotharlann Ollscoil na Banríona.

© Brighid Uí Mhonacháin

# *Tiontú* le Cathal Ó Searcaigh

"Trunca an tsiocáin, scuab an tséideáin
agus citeal an chnaipe!"
B'aoibhinn liom an tslí
a bhain Maggie Neddie Dhonnchaidh
síneadh as an teangaidh
agus í ag gabháil i ngleic
leis an *fridge*, leis an *hoover*
agus leis an t-*electric kettle*.

"Trunca an tsiocáin, scuab an tséideáin
agus citeal an chnaipe!"
Sanasaí na tírúlachta,
chuir sí faoi chuing an dúchais
an ní a bhí deoranta.
I ndeismireacht bhéil a daoine
bhaist sí iad go galánta
i gcóiriú na croíúlachta.

"Trunca an tsiocáin, scuab an tséideáin
agus citeal an chnaipe!"
Trealamh tí na fichiú haoise!
D'ainmnigh sí iad amhail
is dá mba ann daofa i gcónaí;
baill den tsean, chomh nádúrtha
le leaba shuíocháin, le cathaoir shúgáin,
le tubán saillte.

"Trunca an tsiocáin, scuab an tséideáin
agus citeal an chnaipe!"
Anois tá siad ag tógáil meirge
agus ag titim as a chéile
i dteach atá tréigthe;
fiallaí i mbéal an dorais
is tost an bháis ar theangaidh
Mhaggie Neddie Dhonnchaidh.

"An *fridge*, an *hoover*
agus an t-*electric kettle*"
Sin a gcluinim inniu
i gcaint bhacach an bhaile.
Ar láthair seo do thí,
a Mhaggie Neddie Dhonnchaidh,
fiafraíonn Annette domh, páiste girsí'
"'bhfuil *international roaming*
ar do *phone*, Charlie?"

"Trunca an tsiocáin, scuab an tséideáin
agus citeal an chnaipe!"
Ní mhaireann dá mbrí, dá mbua,
ach iad a bheith luaite i ndán,
is ca bhfios cén fhaid eile
a mhairfidh teangaidh seo an dáin
le do shaoithiúlacht a thabhairt slán,
A Mhaggie Neddie Dhonnchaidh.

*(Mín A Leá, 5 Aibreán 2010)*







Croithlí 1940



Caiseal na gCorr

# Glórtha ár Muintire

*Le trí bliana anuas, tá taighdeoirí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair ag obair ar bhailiúchán cuimsitheach béaloidis ó cheantracha éagsúla fud fad Ghaeltacht Thír Chonaill.*

Ó thosaigh sé ag cur daoine faoi agallamh sa bhliain 2006, tá cúpla céad duine taifeadta ag bailitheoir na scéime Dónall Ó Gallchóir as chóir a bheith gach cearn de Ghaeltacht Thír Chonaill — ó Fhánaid go Gleann Cholm Cille agus ó Árainn Mhór chomh fada le Béal an Átha Móir.

Ar chuid den ábhar atá le cloisteáil sa bhailiúchán seo, tá scéalta béil ar nithe mar na sióga agus na daoine beaga, pisreoga, nósanna traidisiúnta, deasghnátha aistrithe saoil, cúrsaí imirce agus an dóigh a raibh a saol thar lear. D'fhéadfaí a rá go bhfuil beagnach gach gné de shaol agus de shaíocht ár muintire clúdaithe ann!

Tá chóir a bheith 200 uair an chloig den ábhar atá sa bhailiúchán shaibhir seo digitithe agus rangaithe agus tá súil acu é a chur ar fáil don phobal agus d'éinne a bhfuil suim acu éisteacht leis an chineál saol a bhí ag go leor dár muintir sa chéad pháirt den fhichiú haois. Is áis mhaith é seo fosta do dhaoine atá ag déanamh taighde ar chúrsaí staire, oidhreachta, cultúir agus teanga.

Faoi láthair, tá na scéalta agus an seanchas seo so-aimsithe don phobal i bhfoirm dhigiteach ar ríomhaire taobh istigh d'Ionad an Acadaimh ar an Screabán. Tá áis mar sin solúbtha do dhaoine a bheadh ag cuartú eolais faoi cheannteidil ar leith mar shampla sloinnte éagsúla, bailte fearainn, cineálacha oibre, scéalta speisialta agus araile.



Teach Thomáis

Mar aon leis sin, is dóigh mhaith na taifid seo le caomhnú a dhéanamh ar shaibhreas na teanga atá againn i dTír Chonaill. In achan choirnéal den Ghaeltacht tá focail, canúintí agus nósanna uathúla, go háirithe i gcúrsaí talmhaíochta agus iascaireachta. Tá an dainséar ann i gcónaí go gcaillfí na tréithe speisialta seo dár dteanga, ach cuidíonn tionscadal mar seo ár n-oidhreacht a shealbhú agus a shlánú do na glúnta atá amach romhainn.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Bhailiúchán Béaloidis Thír Chonaill déan teagmháil leis na taighdeoirí reatha – Anna Ní Pheanróis nó Gráinne Ní Eireamhóin ag (074) 9531919.




Glac síntiús le Goitse

12 eagráin seolta chugat sa phost ar €40

Tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chugainn ag goitsenuacht@gmail.com


# Tógáil na hÁislainne le ceiliúradh i Rann na Feirste

Beidh ócáid speisialta i Rann na Feirste nuair a dhéanfar ceiliúradh ar an obair thógála ar Áislann Rann na Feirste a bheith críochnaithe.

Tá cuireadh foscailte á thabhairt do bhunadh Rann na Feirste agus na gceantar thart agus a gcairde uilig chuig Aifreann comhcheiliúrtha ag an Athair Micheál Ó hOireachtaigh, sagart paróiste agus An tAthair Lorcan O Searcaigh agus an tAthair Donncha Ó Baoill de bhunadh Rann na Feirste agus cór Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluincead Naofa, Rann na Feirste, ar an 10 Meitheamh 2010, ag 7pm san Áislann.

Beidh sólaistí bia ar fáil i ndiaidh an Aifrinn agus turas eagraithe le go dtispeánfar an foirgneamh.

Níos moille sa bhliain, beidh campa samhraidh don aos óg ann agus tá dáta le socrú go fóill don oscailt oifigiúil, nuair a bheidh treallamh agus troscán curtha san fhoirgneamh.

Cuireann Coiste na hÁislainne a mbuíochas ó chroí in iúl d'achan duine a chuidigh ar dhóigh ar bith, beag ná mór, le tógail na hÁislainne.



# An Naoscach

*le Nóra Chit*

Níor bhlais mé coinín go dtí go dteachaigh me 'na Fraince agus na hIodála – agus is iad a bhí blasta. Le gairid thug mo mhac péire abhaile do dhinéar na cásca – ceannaithe ó Fallon and Byrne í mBaile Áth Cliath. Chuartaigh mé oideas sna leabhair chócaireachta agus bhí féasta againn.

Ansin, nuair abhí sé ag déanamh cúrsa ar chlaíocha cloch a thógail le Pat McAfee – sár-fhear na gcloch – bhí stócach den lucht siúil ar an chúrsa. Lá amhaín scaoil sé a mhadadh agus is gearr go raibh coinín marbh aige – ceann dó féin – ceann don mhadadh agus thug sé an chuid eile do na daltaí eile.

Chuala mé mná den lucht siúil tamall ó shoin ag labhairt ar an raidió fá leabhar cócaireachta a chuir siad le chéile de na sean – oidis traidisiúnta do bhia ón dúlra. Rith sé chugam gur acu an diet is fearr in Éirinn – díreach cosúil le fear in Rann na Feirste a d'inis domh – siocar go mbíodh uncal s'aige ag sealgaireacht – gur tógadh an teaghlach ar chearca fraoigh, coiníní, bradaín, colmáin choille agus eile. Le linn a óige – bia na ríthe.

Dúirt Dinny McGinley go síulann sé thar an trá agus na méithé faoi Ostán Ghaoth Dobhair ag leath-uair indiadh a seacht ar maidin. Sin a t-aon doígh, sul a dtoisíonn rudaí eile ag teacht sa mhullach ar dhuine. Rinne mé amhlaidh, agus 'chonaic mé coiníní ar na Bánta.



*Togha bí atá sa choinín, iad beo ar luibheanna agus saor chead a gcos acu amuigh faoin spéir.*

Bhí an t'am ann go raibh mé céasta acu sa gharraí. Chuirfinn sa phota iad dá bhfeadfainn ach chuir mo mhadadh nó an madadh rua an ruaig orthu. Anois siad na cairria an sciúrse is measa agus iad ag méadú faoi na binn. Deánann siad scrios ar chrainn agus ar bharrthaí agus níl namhaid a choinneochadh faoi chois iad ach an corr dhuine le gunna.

Nuir a bhí mé óg sna caogadaí bhíodh coiníní crochta taobh amuigh de na siopaí búistéara i gcónaí. De réir scéaltaí ba thionscal mór fá Gaoth Dobhair, Cloch an Fohaoiligh agus na Rosa é coiníní a chur ar fáil do na búistéaraí. Deirtear liom go mbíodh asail le carranna lán daofa ag dul amach an bealach. Bhfuil tuilleadh eolas ag aon duine faoi seo?

Na Normanaigh a thug coiníní isteach sa tír san aonú chéad déag fá choinne feola agus fionna. Ach d'imigh an faisean i léig dón tairge sin.

Ach b'féidir go dtiocfaidh sé ar ais. Togha bí atá sa choinín, agus iad beo ar luibheanna agus saor chead a gcos acu amuigh faoin spear. Tá barráiocht ar eolas faoin dian-fheirmeoireacht cearc agus muc idir antibiotics i hormóin agus eile – gan trácht ar an saol ainniseach teoranta atá acu.

**Nóra Chit**



# Focla Mhící

*Bíonn Mící Whiting Mac Aodha ina aoi rialta ar an chlár* Rónán beo@3 *ar Raidió na Gaeltachta gach tráthnóna Dé Máirt. Tá muid buíoch do Mhící, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.*

**Culaith sainn**: planda ata iontach cosuil le cuileann (holly) … plandai talun…nil se coitianta

**Min seáthadaireacht**: an dusta atá fágtha ar an urlár i ndiaidh tú adhmad a ghearradh le seá….

**Hab**: leac na fuinneoige…fag an cupa ar a' hab .. hab na fuinneoige

**Túsc**: pratai agus min friothu le tabhairt do na beithigh … bhruithfeadh siad na prátaí agus an mhin frid a chéile

**Ruideall**: déanta ina ruideall cruinn … fa choinne salachar a bhaint amach as an ghrainn

**Urrúnta**: duine láidir , ábalta , urrúnta….

**Tumaire**: fear a bheadh ag caitheamh an uisce amach as an bhád … le tumán …. buicéad déanta d'adhmad …

**Tuairlín**: rud a bhí acu le bheith ag brú prátaí le brúitíni a dheánamh

**Tamhnach**: talamh tamhnach ..talamh garbh ….cosuil le tamhnach a tsalainn

**Súgaí**: dá mbeifeá ag scairtigh ar ghamhain óg …sugai sugai sugai….cho leis an mhadadh ….scuit leis an chat …..hip leis an bho ….

**Flocas**: …an caorán uilig geal aige …. Ceannbhán atá air san fhoclóir. Bog cotton i mBéarla

**Failc**: hairlip i mBéarla

**Leaslaigh** – ina shui ar a thaobh ar a chathaoir

**Leithcheal** a dhéanamh ar dhuine – duine a fhágáil amuigh


AN GÚM
www.gaeilge.ie/angum

LEABHAIR & CATALÓG NUA








Gruaig Fhinn €7.00
ISBN 978-1-85791-774-1




Ag Taisteal le Tarlach
sa Pholainn €10.50
ISBN 978-1-85791-741-38




Gluaiseacht €7.50
ISBN 978-1-85791-755-0

Ainmníodh an leabhar seo ar Ghearrliosta Gradaim Leabhair na Bliana do pháistí a eagraíonn Leabhair Pháistí Éireann agus Bisto




Cá bhfuil tú, a Phádraig? €15
ISBN 978-1-85791-748-2




Athdhíolaim d'Abairtí
Dúchasacha €8.50
ISBN 978-1-85791-775-8

Le ceannach agus le hordú uathu seo:
www.oideas-gael.com
Fón: (074) 97 30500
Is gá Costas Postais a fhiosrú

Foras na Gaeilge

# Ceiliúradh an Chéad Chomaoineach



*Páistí ó Scoil Phádraig, Dobhair, a rinne a céad comaoineach ar na mallaibh: Máire Nic Gairbheith, Éamon Mac Gairbheith, Patrick Friel, Seán Ó Dochartaigh, Laura Nic Pháidín, Cillín Mac Giolla Bhríde, Micheál Ó Dochartaigh, Laura Maria Ní Dhomhnaill, Molly Nic Pháidín in éineacht leis an Athair Micheál Mac Suibhne, agus a múinteoir, Cáit Nic Annaidh.*



*Amy Laobhaise Ní Dháimhín agus Brian Mac Géidigh, Scoil Phádraig, Dobhair, a rinne a céad comaoineach i nDún Lúiche in éineacht leis an Ath Brian Ó Fearraigh.*



*Beth Nic Diarmada, Caiseal na gCorr, a rinne a céad comaoineach ar na mallaibh, in éineacht lena múinteoir Marie Ní Dhónaill.*



*Eagraíodh teacht le chéile agus féasta beag do na páistí ó Scoil Phádraig, Dobhar, a rinne an chéad chomaoineach i Mín Uí Bhaoill agus i nDún Lúiche, agus a gcuid teaghlach in Ionad Naomh Pádraig.*



*Páistí Ghort an Choirce ag ceiliúadh an chéad chomaoineach lena múinteoir Máire Ní Bhroin*



*Páistí LKoch an Iúir, Anagaire agus Rann na Feirste ag ceiliúradh an chéad chomaoineach lena múinteoirí.*

## Ceiliúradh an Chéad Chomaoineach



*Céad Chomaoineach Chaoillte, Toraigh*



*Páistí Scoil Mhachaire Rabhartaigh lena múinteoir Louise Ní Cholla*



*Páistí Scoil Mhuire, Doire Beaga, ag gabháil don Chéad Chomaoineach*



*Eilish as Glaschú ag ceiliúradh a Céad Chomaoineach*



*Páistí Chnoc na Naomh, Doire Chonaire, lena múinteoir Gráinne Ní Chuireáin agus an tAthair Seán Ó Gallchóir*






*In ainneoin cruatan na hoibre, is saol ar dóigh é a bheith ag tógáil ainmhithe agus ag fás do ghlasraí féin, dár le* Bee na mBuataisí *ina colún úr.*



# Blog na mBuataisí

Ag coimhéad ar chláracha cosúil le River Cottage, Corrigan's City Farm agus My Dream Farm, bíonn iontas orm go mbíonn an ghriain i gcónaí ag soilsiú, fásann na páirceanna le féar galánta glas, bíonn fómhair breá acu gach bliain agus bíonn na hainmhithe folláin agus múinte ar fad. Há, a deirim liom féin le gaire beag, nach deas an rud i TV land.

Ni fheiceann tú an taobh eile de chur glasraí agus feirmeoireacht ainmhithe, nuair a bhíonn tú fliuch báite achan lá fríd an gheimhreadh, páirceanna lán de chlábar, feaghacha (rushes) agus clocha. Nuair a bíonn agat instealladh no 'jag' a thabhairt do cheann de na muca agus ní ligeann sí duit agus bíonn tú ag rith thart ar pháirc ag iarraidh greim a fháil uirthi ar feadh tamaill, tamall fada.

Ach cé go mbíonn laetha fuara, fliucha, salacha ann agus oícheanta fada ag fanacht leis an tréidlia le theacht amach ag ainmhí atá tinn, is saol ar dóigh atá ann ag tógáil do chuid ainmhithe féin agus ag fás do chuid glasraí fá choinne an tábla, bíonn níos mó meas agat don timpeallacht agus do na h-ainmhithe. Níl Dia ar bith agat ach an aimsir. Cinnte nil se furast agus bíonn costas pearsanta agus póca leis an chineál saoil seo. Tá sé deacair fáil ar shiúl, níl mórán daoine atá ábalta 'babysit-áil' leis an teaghlach atá againne, agus bíonn billí troma bia orainn, gan a bheith ag caint ar ghnáth-bhillí tí.

Faoi láthair tá triúr capall againn, 11 muc, 4 atá ag dréim le banbh, 9 gabhar, triúr uain agus a léir cearca, lachain óga agus sicíní agus tuilleadh sicíní agus lachain ar an bhealach. Bhí dhá choirceog beach againn go dtí tamall ó shin ach bhí orainn ceann amháin a dhó mar bhí aicíd ann; is cosúil go bhfuil seo ag tarlú thart ar an domhan uilig agus cuirfidh seo isteach go mór ar phóradh na mbláthanna agus na nglasraí uilig má thiteann daonra na mbeacha.

Tá an teach mar a bheadh dufair ann, lán de phlandaí óga atá réidh le bheith curtha amach taobh amuigh. Tá muid millteanach chun gcúil leis an phlandáil, níor chuidigh an siocán níos luaithe sa bhliain, ach maram nár chuidigh an fhálsacht ach oiread. Curtha taobh amuigh tá prátaí, oinniúin, sú talún, scailliúin, cúirséad, gairleog, biatais agus spionáiste. Bhí muid ag fanacht le tollán plaisteach teacht ar feadh tamall agus anois tá sé chóir a bheith tógtha againn; gan mhoill beidh sin lán de thrátaí, piobair, cillí, sinsear agus tuilleadh duilleoga sailéad. Beidh muid ábalta glasraí geimhridh a fhás ann fosta.

Dá bhfásfadh gach glasra, bheadh an t-ádh orainn ach mar is gnáth gach bliain cailleann muid cuid den fómhar le meath agus lotnaidí cosúil le drúichtíní, cuileanna glasa agus mar sin. Faoi láthar tá rabhadh meath curtha amach ag Met Éireann; mar sin duine ar bith a bhfuil prátaí curtha acu, coinnigh súil mhaith orthu. Inseadh dúinn gur dóigh amháin leis na drúchtíní a choinneáil ar shiúl, ná feamainn a spréadh thart ar bhun na bplandaí. Dóigh eile le réiteach a fháil daoibh ná linn snámha beag beorach a chuir thart ar na plandaí, tig fonn mhillteanach ólacháin ar na drúichtíní agus titeann siad isteach sa linn snámha beag seo agus sin an deireadh a thig orthu, dóigh mhaith le himeacht a deireann cuid daoine! Ach cuideann na lachain fosta mar itheann siad péisteanna ar bith atá sa talamh.



***Tá sú cúl fáidh galánta an t-am seo den bhliain, agus iontach maith duit, é lán de vitimíní, iarann agus hiostaimini nádúrtha.***



*Bainbh nua-saolaithe ar fheirm Bhee na mBuataisí*

Coinníonn muid na muca fá choinne feola agus fá choinne díol ar aghaidh agus, má bhíonn siad maith go leor, fá choinne pórú. Coinníonn muid éanlaith fosta fá choinne an tábla agus fá choinne uibheacha. An rud is tábhachtaí faoi seo ná go bhfuil a fhios againn cá háit a dtagann ár gcuid feola as agus go bhfuil saol sona sásta ag na hainmhithe ina rith thart sa pháirc. An dóigh a amharcann muid air ná: ainmhithe sásta = feoil bhlasta. Tá a fhios agam nach mbeadh a léir daoine ábalta ainmhithe s'acu féin a ithe mar sin ach ag deireadh an lae itheann a léir daoine feoil agus cuid mhaith den am ní smaoiníonn siad ar an dóigh a mbíonn na créatúir seo beo.

Rud amháin atá muid ag úsáid go rialta ná cúl fáidh, tá siad galánta an t-am seo den bhliain déanta mar sú, agus iontach maith duit, tá siad lán de vitimíní, iarann agus hiostaimini nádúrtha. Caithfear iad a ghlanadh go maith agus siad na duilleoga amháin a úsáideann tú fá choinne an sú a dhéanamh. Frioch dhá oinniúin gearrtha suas i bpanna le ola olóige go dtí go mbíonn siad bog, cuir isteach dhá cainneann gearrtha suas agus frioch iad sin go dtí go mbíonn siad bog, brúigh sé clóbh gairleog isteach, nuair ata gach rud deas bog cur isteach leath mála plaisteach duilleoga cúl fáidh, atá glanta go maith. Sauté hiad sin ar feadh chúig bhomaite, caith isteach cupán piseanna reoite agus litear go leith stoc glasraí. Lig dó seo a suanbhruith ar feadh chúig bhomaite agus úsáid próiseálaí bia fá choinne an sú a blitzail. Seiceáil an blastanais agus cuir tuilleadh salainn nó piobair ann, ma tá tú ag iarraidh thig leat braon beag uachtair a chuir ann ag an deireadh.

Ach rud amháin faoin oideas seo, deán cinnte go mbíonn miotóga rubair ort ag cruinniú na duilleoga!

***—Bee na mbuatais***

## Sna Réalta

### An tUisceadóir
Eanáir 21 - Feabhra 19

Gach seans go mbeidh ort comhrá dáiríre a bheith agat le duine áirithe lá de na laethanta. Bí réidh don chomhchaint. Ná bíodh drogall ort bréag a inse, más gá.

### An tIasc
Feabhra 20 - Márta 20

De réir lucht an tsean-eolais, níor chóir nós a dhéanamh nó nós a bhriseadh. Ach is mithid duitse anois athbhreithniú a dhéanamh ar do ghnásaí agus an chomhairle úd a fhágáil as an áireamh.

### An Reithe
Márta 21 - Aibreán 20

Ba chóir duitse tréan uisce a ghlacadh na laetha seo. Gan a bheith aimhleasta, dána agus b'fhéidir níos mó d'iarracht a dhéanamh díriú ar chaitheamh aimsire bríomhar chun do fhuinneamh a lagú. Déan seo ar mhaithe le do chairde.

### An Tarbh
Aibreán 21 - Bealtaine 21

Seachain bialanna ar feadh tamaill, agus bí airdeallach nuair atá tú ag réití do chuid. De réir na gcomharthaí, tá tusa i mbaol thinnis ó ábhar bí truaillithe. Muna bhfuil tú cúramach, beidh tú ag cur amach.

### An Cúpla
Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Ar an 12 Meitheamh, go gairid i ndiaidh am dinnéara, titfidh duine ceann thar tón i ngrá leat. Ach, monuar, tarlóidh an dea-rud i nganfhios duit agus ní bheidh nochtadh ar an phaisean choíche.

### An Portán
Meitheamh 22 - Iúil 22

Corraigh thú féin, a Phortáin! Má tá sé de rún agat beart a dhéanamh (agus is cosúil go bhfuil) is anois an aimsir chuí. Ach na bí i do mhoilleadóir. Tá an gaineamh ag sní san orláiste.

### An Leon
Iúil 23 - Lúnasa 23

Bain sult as na laethanta fada geala seo. Bí aerach ar nós an fhéileacáin, ag aistriú ó bhláth go bláth. Agus ná déan dearmad an neachtar a sú.

### An Mhaighdean
Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Thuas seal, thíos seal; sin mar a ghluaiseann tonnta an tsaoil.
Agus cá bhfuil tusa lonnaithe ar an chúrsa seo faoi láthair? Seans nach san áit a shíleann tú. Bain díot an dallamullóg.

### An Mheá
Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Tá fuath agat do dhuine éigin le déanaí agus níl tionchar ró-mhaith ag an mothúchán seo ar do mheabhair. Má leanann sé ar aghaidh beidh an ghráin feiceálach ar do dhreach agus ghlacfaidh an déistin seilbh ar do smaointiú. Smachtaigh an t-olcas nó déileál leis.

### An Scairp
Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

An eol duit cáidé atá uait? Caithfear mionscrúdú a dhéanamh ort féin mar, go dtí go bhfuil fios agat, ní bheidh réasún le do ghníomhaithe. Beidh tú ar bís mhíre. Seo am cuí leis an ceist úd a réiteach.

### An Saighdeoir
Samhain 23 - Nollaig 21

Más duine thú atá tugtha don cearrbhachas tá d'amsa tagtha. Beidh an t-ádh dearg ort i gcursaí geallghlacadóra ar feadh seal. Ná scrios an fortún tri dul thar fóir, áfach. Fan sochair, stuama.

### An Gabhar
Nollaig 22 - Eanáir 20

Nach fada ó rinne tusa rud iontach. Má tá tú tuirseach den neamhshuimiúil, tabhair níos mó aird ar chúrsaí atá taobh muigh de ghnáthrith an tsaoil. Déan gníomh atá úrnua duit. B'fhéidir aithne a chur ar an lucht ghiobach.

# Spórt

Seol bhur scéalta spórt agus grianghraif chuig
**goitsenuacht@gmail.com**

# Gaisce déanta ag Girseachaí Rann na Feirste



**Ar an ionsaigh!** Aoife Nic Gairbheith

*Tá cúis gaisce ag foireann na ngirseachaí as Scoil Oilibhéar Pluincéad, Rann na Feirste, a bhain Craobh Chontae Dhún na nGall nuair a bhuail siad foireann Tiernasligo as Inis Eoghain 9-04 in éadan 1-01 i Leitir Ceanainn an mhí seo a chuaigh thart.*



Cláir agus Katie



**Cúl!** Éirionn le Sadhbha Ní Bhaoill an ceann is fearr a fháil ar chúlbáire fhoireann Tiernasligo agus an liathroid a chur san eangach.



**Buaiteoirí!** Curaidh Contae Rann na Feirste

Tuilleadh spórt ar leathanach 16




## Aonach Samhraidh

Beidh Aonach an tSamhraidh ar siúl ag an Chomharchumann sa Chrannóg i Srath na Corcra ar an Satharn 5 Meitheamh 12.00 i.n. – 4.00 i.n. Beidh seastáin díolacháin d'earraí ceirde agus ealaíona, ábhar cócaireachta agus glasraí, ceol , dathú aghaidh srl ar an lá. Má tá suim agat spás seastán a chuir san áireamh don lá cuir scairt ar Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

## Seomra Staire agus Seanchais

Beidh an Seomra Staire ins an Chrannóg oscailte gach lá ó Luan go hAoine ón 9-5 (agus ag amanna eile ach coinne a dhéanamh roimhré). Tá cuid mhór ábhar stairiúil, seanphictiúir, sean-irisí agus nuachtáin, chomh maith le cnuasach mhór de leabhair Ghaeilge agus leabhair thagartha a bhfuil baint acu le Gaoth Dobhair agus le Co Dhún na nGall. Tá an t-ábhar iontach úsáideach do mhic léinn agus lucht taighde agus suimiúl d'achan duine. Níl cead an t-ábhar a thógáil amach as an tseomra, ach tá fáilte cóipeanna a dhéanamh. Is áis luachmhar é seo don phobal – bain úsáid as! Tuilleadh eolais ar fáil ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

## Spásanna le ligean ar Cíos

Tá roinnt spásanna d'achair éagsúla le ligean ar cíos in ionad an Chomharchumainn (An Chrannóg) i Srath na Corcra. Beidh tús áite a thabhairt do ghnónna nó tograí a fheidhmíonn i nGaeilge nó atá teanga bhunaithe. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh trí scairt a chuir ar Chathal ag (074) 9532208.

## Tuismitheoirí agus tachráin

**Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin** sa Chrannóg maidin Déardaoin 10.00r.n. – 11.30r.n. Tuilleadh eolais: 074 95 32208

## Aifreann na Crannóige

Beidh Aifreann á rá sa Chrannóg i Srath na Corcra , Dé Céadaoin , 9 Meitheamh ( Lá Fhéile Cholmcille) ag 8.00i.n. Tá an t-Aifreann á rá do anamacha iarr bhaill Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair atá ar shlua na mairbh, agus chun an fhoirgneamh a bheannú. Tá fáilte roimh baill an Chomharchumainn agus an Pobal go léir.

## Ranganna sa Chrannóg

**Dé Luain:**
Rang Giotár 5.30 – 6.30
& 6.30 – 7.30
Rang Fidil 6.30 – 7.30

**Dé Máirt:**
Bunrang Gaeilge 7i.n. – 8i.n.

**Dé Céadaoin:**
Rang Mandolin 5.30 – 6.30
Rang Bosca Ceoil 5.30 – 6.30
Rang Concertina 6.30 – 7.30

**Déardaoin:**
Rang Feadóg 5.30 – 6.30

**Más mian leat poiblíocht a fháil d'imeacht pobail cuir scéal chuig Goitse ag goitsenuacht@gmail.com.**

# Spórt

Seol bhur scéalta spórt agus grianghraif chuig
goitsenuacht@gmail.com

## Comórtas Conspóideach na Gaeltachta

*Tá peileadóirí ó chumainn Ghaeltachta ón chontae le aghaidh a thabhairt ar Bhéal an Mhuirthead ar dheireadh seachtaine na Cincíse do Chomórtas Peile atá faoi scáth conspóide a n-urraíochta ón chomhlacht Shell.*

Tá foirne Chontae Dhún na nGall réidh do Chomórtas Peile na Gaeltachta arís i mbliana. I ndiaidh na gcluichí a reachtáladh ar an Tearmann le giorid, tá fir ón Chlochán Liath, ó na Dúnaibh agus as Ard an Ratha agus mná as Tearmann as Gleann Fhinne agus ó na Gleanntaí ag díriú ar Bhéal an Mhuirthead i gContae Mhuigh Eo agus guíonn muid gach rath orthu uilig.



Beidh foireann sinsear Naomh Mhuire ar an Chlochán Liath ag súil le éacht mhór a dhéanamh beo ar an teilifís agus beidh foireann sóisear na nDúnaibh dóchasach go ndéanfaidh siadsan amhlaidh. Beidh sé le cruthú ag foireann Ard an Ratha, buaiteoirí an chomórtais anuraidh, nach bhfuil siad ann mar mhaithe le bheith ann.

Ar ndóigh, ní dhéantar dearmad ar fhoirne na mban, a bhfuil rachairt níos mó orthu ó thoisigh TG4 cuid cluichí s'acu a chraoladh agus beidh foireann an Tearmainn i dtús cánaíochta don chontae seo. Fuair mná Ghleann Fhinne, a chaill an cluiche ceannais in éadan an Tearmainn, cuireadh speisialta dul chuig na cluichí ceannais i Maigh Eo.

Beidh foireann sóisear Naomh Chonaill sna Gleanntaí páirteach sa chomórtas fosta.

Tá conspóid ag baint leis an chomórtas i mbliana mar thug Shell, an chomhlacht ola agus gáis, urraíocht mhór do CLG Bhéal an Mhuirthead leis an comórtas a reachtáil agus níl cuid de mhuintir na háite sásta leis sin ar chor ar bith.

Tá sé ina raic idir Shell agus cuid de mhuintir Chill Comáin, atá iontach cóngarach do Bhéal an Mhuirthead ó cuireadh cúigear fear as an cheantar chun an phríosúin sa bhliain 2005 de thairbhe gur dhiúltaigh siad cead a thabhairt don chomhlacht píplíne a thógáil ar a gcuid talaimh. Fá láthair tá beirt eile sa phríosún, de thairbhe agóidí a bhí ag muintir na háite in éadan an phíplíne.

Tá baghcat ar an chomórtas á eagrú ag cuid de mhuintir CLG i gConamara agus i gCiarraí agus, cé nach bhfuil sé fógraithe go bhfuil foireann ar bith ag tarraingt amach as an chomórtas, tá seans láidir ann go mbeidh agóid de chineál inteacht in éadan Shell le linn an chomórtais.

## Daltaí Rann na Feirste ag Lá Spóirt Scoileanna na Rosann



**Buaiteoirí an Rás Sealaíochta (relay):** *Tierna Ní Chuileann, Ailíse Ní Ghrianna, Tara Ní hArlaigh agus Shauna Ní Dhochartaigh.*



**Foireann sinsir rás sealaíochta:** *Tara Ní hArlaigh, Aoife Ní Ghairbhé, Nicola Ní Bhaoill agus Clare Nic Suibhne a fuair an dara áit san relay sinsear*



**Buaiteoirí Lá Spóirt Scoileanna na Rosann:** *Scoil Oilibhéir Pluincéad, Rann na Feirste*

Tuilleadh spórt ar leathanach 15